2024. M6 2024L001G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gaeilge

## Páipéar 2

## Gnáthleibhéal

Dé Máirt 11 Meitheamh Maidin 9:30 – 11:50

200 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

**Ceist 1: An Léamhthuiscint (100 marc)**
Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Ceist 2: An Prós (50 marc)**
Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

**2A.** Prós Ainmnithe (leathanach 8)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**2B.** Prós Roghnach (leathanach 9)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Ceist 3: An Fhilíocht (50 marc)**
Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

**3A.** Filíocht Ainmnithe (na leathanaigh 10 – 12)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**3B.** Filíocht Roghnach (leathanach 13)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

| Ceist 1 | Léamhthuiscint | 100 marc |
| --- | --- | --- |

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Oileán agus Ionad an Bhlascaoid Mhóir

**1.** Tá Ionad an Bhlascaoid Mhóir suite i nDún Chaoin ar leithinis Chorca Dhuibhne i gCo. Chiarraí. Is ionad oidhreachta agus cultúir é Ionad an Bhlascaoid Mhóir a osclaíodh den chéad uair in 1993. Osclaíodh Ionad an Bhlascaoid Mhóir chun scéal mhuintir na mBlascaodaí suas go dtí lár an fichiú haois a insint don saol mór. Tá scéal na n-oileánach le feiceáil sna taispeántais, sna déantúsáin, sna léirithe idirghníomhacha agus closamhairc agus i saothair ealaíne san ionad. Tá ardán féachana suite ar bharr aille ar shuíomh an ionaid agus is féidir le cuairteoirí radhairc iontacha a fháil ón ardán ar na Blascaodaí agus ar chósta an Atlantaigh.

**2.** Sé phríomhoileán atá sna Blascaodaí agus is é an Blascaod Mór an ceann is mó acu. Bhí daoine ina gcónaí ar an oileán ar feadh na gcéadta bliain. Bhí an saol ar an mBlascaod Mór ag brath ar an bhfarraige. Bhíodh na fir amuigh sna naomhóga ag iascaireacht. Chuireadh na fir prátaí ar an bpíosa talún a bhí acu agus bhaineadh siad an mhóin. D’fhágtaí na cúraimí tí faoi na mná. Chomh maith leis sin, bhíodh na mná ag tarraingt móna abhaile agus ag fáil uisce ón tobar. Pobal dlúth ba ea muintir an oileáin agus sna hoícheanta, bhíodh sé de nós acu bailiú le chéile i gceann de na tithe ag insint scéalta agus ag seinm ceoil.

**3.** Bhí go leor deacrachtaí ag baint le saol mhuintir an Bhlascaoid Mhóir. Bhíodh na hoileánaigh scartha ón mórthír ar feadh tréimhsí in amanna nuair a bhíodh drochaimsir ann. Ní raibh aon dochtúir ar an oileán agus bhíodh siad fágtha gan cúram sláinte le linn stoirmeacha, mar sin. Ní raibh siopa dá gcuid féin acu ach an oiread, rud a d’fhág nach mbíodh fáil acu ar sheirbhísí riachtanacha uaireanta nuair a bhíodh drochaimsir ann. Ó chasadh an fichiú haois, bhí athrú ag teacht ar shaol an oileáin. Thosaigh daoine ón iasacht ag teacht chun saoire a chaitheamh ar an oileán. Fuair aos óg an oileáin cuntais ar an saol taobh amuigh den oileán ó na cuairteoirí sin. Ní raibh na daoine óga sásta cur suas a thuilleadh leis an saol dian ar an oileán agus d’fhág siad é chun saol níos fearr a lorg ar an mórthír nó chun dul ar imirce go Meiriceá. Ba ghearr nach raibh fágtha ar an oileán ach seandaoine. D’fhág na daoine deireanacha an Blascaod Mór in 1953.


**4.** Bhíodh lucht léinn ón iasacht ag dul ar cuairt chuig an mBlascaod Mór i mblianta tosaigh an fichiú haois mar bhí suim ar leith acu i dteanga agus i gcultúr na Gaeilge. Bhí an lucht léinn ón iasacht tábhachtach mar thuig siad go raibh an seansaol ar an oileán ag fáil bháis agus mhol siad do mhuintir an oileáin scéal a mbeatha a bhreacadh síos. Duine de mhórscríbhneoirí an Bhlascaoid Mhóir ba ea Tomás Ó Criomhthain. Scríobh seisean an leabhar *An tOileánach* chun taifead a dhéanamh ar an gcineál saoil a bhí aige féin agus ag pobal an oileáin ag an am sin mar thuig sé nach mbeadh a leithéidí ann arís. Bhí Peig Sayers ar dhuine de na scéalaithe ba cháiliúla a mhair ar an mBlascaod Mór. Ba i dteach Pheig a bhailíodh oileánaigh agus cuairteoirí chun éisteacht lena scéalta agus lena seanchas. Is é an oidhreacht is tábhachtaí a d’fhág Peig

ina diaidh ná an cnuasach mór scéalta seanchais agus amhrán a bailíodh uaithi.

**5.** In óráid a thug an tUasal Leo Varadkar in Ionad an Bhlascaoid Mhóir i mí Mheán Fómhair seo caite, dúirt sé go bhfuil sé tábhachtach an Blascaod Mór a chaomhnú mar láthair thurasóireachta ar leith. Tá go leor forbairtí déanta ar an oileán le blianta beaga anuas. Tá athchóiriú sa stíl thraidisiúnta déanta ar sheanteach an scríbhneora Tomás Ó Criomhthain agus tugann an obair athchóirithe sin léargas do chuairteoirí ar na cineálacha tithe a bhí ar an oileán fadó. Is iad na báid farantóireachta an t-aon bhealach go dtí an t-oileán. Tá an ché ar an oileán dainséarach agus faoi láthair, tá plean ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun an ché a dhéanamh níos sábháilte. Bíonn ionad lóistín agus caifé oscailte ar an oileán le linn shéasúr na turasóireachta.

In ainneoin na bhforbairtí sin go léir, tá sé fíorthábhachtach áilleacht nádúrtha agus timpeallacht an oileáin a chosaint ag an am céanna.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*



**1.** (a) Cén fáth ar osclaíodh Ionad an Bhlascaoid Mhóir? (Alt 1)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin ardán féachana atá suite ar shuíomh an ionaid. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Scríobh síos **dhá** chineál oibre a bhíodh ar siúl ag na fir. (Alt 2)

(b) Cén nós a bhíodh ag muintir an oileáin sna hoícheanta? (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** bhealach a gcuireadh cúrsaí aimsire isteach ar mhuintir an Bhlascaoid Mhóir. (Alt 3)

(b) Tabhair **dhá** fháth ar fhág na daoine óga an Blascaod Mór. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Cén fáth a raibh an lucht léinn ón iasacht tábhachtach? (Alt 4)

(b) Cén oidhreacht is tábhachtaí a d’fhág Peig Sayers ina diaidh? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Cad a dúirt an tUasal Leo Varadkar ina óráid in Ionad an Bhlascaoid Mhóir i mí Mheán Fómhair seo caite? (Alt 5)

(b) Cén plean atá ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair? (Alt 5)

(10 marc)

**B – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Mearfhaisean

1. Is ábhar tráthúil, suimiúil é an mearfhaisean sa lá atá inniu ann. Is éard is brí leis an téarma 'mearfhaisean' ná stíleanna nua éadaí a chuirtear ar fáil go tapa ar phraghsanna atá an-íseal. De réir tuairisce a foilsíodh i mí an Mhárta 2023, tá líon na mball éadaigh a dhéantar méadaithe faoi dhó ón mbliain 2000 agus ceannaíonn daoine i bhfad níos mó éadaí sa lá atá inniu ann. Athraíonn na stíleanna faisin gach séasúr. Is breá le daoine a bheith ag ceannach na stíleanna faisin is úire i siopaí na mórshráide nó ar na suíomhanna siopadóireachta ar líne. Ní bhíonn na héadaí a dhéantar i dtionscal an mhearfhaisin ar ardchaighdeán agus ní mhaireann siad rófhada. Caitear amach iad nuair a théann siad as faisean.

2. Is ócáidí móra iad na seónna móra faisin a bhíonn ar siúl i bpríomhchathracha faisin an domhain gach bliain. Ag na seónna faisin seo, cuireann tithe móra faisin an domhain na stíleanna éadaí don séasúr sin i láthair. Go luath i ndiaidh na seónna móra faisin, cuireann déantóirí an mhearfhaisin na stíleanna céanna éadaí ar díol i siopaí na mórshráide agus ar líne. Is minic a bhíonn tionchar ag roghanna stíle ceoltóirí agus aisteoirí ar dhaoine agus spreagtar iad chun na stíleanna sin a chaitheamh. Is maith le daoine a bheith ag leanúint stíleanna na dtionchairí faisin ar na meáin shóisialta. Is minic a bhíonn comhoibriú idir branda éadaí agus tionchaire faisin. Mar chuid den chomhoibriú sin, cuireann an tionchaire stíleanna éadaí ar leith chun cinn agus spreagtar leantóirí an tionchaire sin chun na héadaí sin a cheannach.

3. Tá taobh diúltach ag baint le tionscal an mhearfhaisin. Déantar cuid mhaith den mhearfhaisean i monarchana éadaí sa tSín, sa Vítneam, sa Bhanglaidéis agus san Indinéis. Is minic a chaitear go dona leis na hoibrithe sna monarchana mearfhaisin sin. Íoctar pá íseal leo, oibríonn siad uaireanta fada agus bíonn na coinníollacha oibre dainséarach go minic sna monarchana sin. Chomh maith leis sin, déanann tionscal an mhearfhaisin dochar don timpeallacht. Déantar cuid mhaith de na héadaí as níolón agus poileistear, fabraicí atá dian ar an timpeallacht. Tá tionscal an mhearfhaisin ag truailliú an uisce le micreaphlaistigh ó na fabraicí sin. Úsáidtear na mílte lítear uisce chun éadaí a dhéanamh. Iompraítear na héadaí chuig na siopaí ar fud an domhain ar eitleáin agus ar longa agus déanann na modhanna taistil sin dochar don timpeallacht. Cuirtear na mílte tonna éadaí chuig láithreáin líonta talún gach bliain.



4. Chun an méid dochair atá a nósanna faisin ag déanamh don timpeallacht a laghdú, moltar do dhaoine rudaí áirithe a dhéanamh. Moltar gan éadaí a cheannach ach amháin nuair is gá, mar shampla, agus fabraic orgánach nó nádúrtha a roghnú nach mbaintear úsáid as ceimiceáin chun í a dhéanamh. Taispeánadh sraith clár dar teideal *Éadaí SOS* ar TG4 le déanaí agus é mar aidhm ag na láithreoirí dearcadh an phobail i leith a gcuid éadaí a athrú. Roghnaíodh duine faoi leith do gach clár sa tsraith *Éadaí SOS*: duine a bhí gafa le mearfhaisean, a raibh a vardrús lán go doras agus nós ag an duine feisteas nua

a cheannach do gach ócáid. Sna cláir sin, chuir na láithreoirí dúshlán roimh na daoine a gcuid éadaí a athúsáid agus a athchúrsáil agus smaoineamh i gcónaí ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid nósanna siopadóireachta ar an timpeallacht.

**5.** Tá go leor bealaí ann chun daoine a chur ag smaoineamh ar nósanna siopadóireachta níos fearr a chothú. Is féidir le daoine éadaí a cheannach sna siopaí athláimhe agus sna siopaí carthanais ar fud na tíre. Is seirbhís ar líne é an suíomh siopadóireachta *www.thriftify.ie* a chabhraíonn le siopaí carthanais a gcuid earraí, éadaí athláimhe ina measc, a dhíol ar líne. Is iomaí buntáiste a bhaineann le héadaí athláimhe a cheannach ar *www.thriftify.ie.* Tugtar an brabús do charthanais a dhéanann dea-obair ar son na ndaoine a bhíonn ar an ngannchuid. Chomh maith leis sin, úsáideann an tseirbhís pacáistiú nach ndéanann dochar don timpeallacht. Is comórtas faisin é *Junk Kouture* do scoláirí dara leibhéal 12 – 19 mbliana d'aois. Chun cur isteach ar an gcomórtas *Junk Kouture*, iarrtar ar na dearthóirí óga feisteas ealaíonta a dhearadh agus a chruthú as earraí athchúrsáilte. Tá a gcúl tugtha ag go leor daoine cáiliúla agus tionchairí leis an mearfhaisean agus tá siad anois ag cleachtadh nósanna inbhuanaithe lena roghanna faisin. Is féidir linn go léir difríocht a dhéanamh don domhan ach ár nósanna a athrú.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** (a) Cad is brí leis an téarma 'mearfhaisean'? (Alt 1)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi na héadaí a dhéantar i dtionscal an mhearfhaisin. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Cad a dhéanann déantóirí an mhearfhaisin go luath i ndiaidh na seónna móra faisin? (Alt 2)

(b) Luaigh an **dá** rud a tharlaíonn mar chuid den chomhoibriú idir branda éadaí agus tionchaire faisin. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais a léiríonn go gcaitear go dona leis na hoibrithe sna monarchana mearfhaisin go minic. (Alt 3)

(b) Tabhair **dhá** shlí a ndéanann tionscal an mhearfhaisin dochar don timpeallacht. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** rud a mholtar do dhaoine a dhéanamh chun an méid dochair atá a nósanna faisin ag déanamh don timpeallacht a laghdú. (Alt 4)

(b) Cén sórt duine a roghnaíodh do gach clár sa tsraith *Éadaí SOS*? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Tabhair an **dá** bhuntáiste a bhaineann le héadaí athláimhe a cheannach ar *www.thriftify.ie*. (Alt 5)

(b) Cad a iarrtar ar dhearthóirí óga a dhéanamh chun cur isteach ar an gcomórtas *Junk Kouture*? (Alt 5)

(10 marc)

| Ceist 2 | Prós – Ainmnithe nó Roghnach | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

| 2A | PRÓS AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

**Dís**

(i) Luaigh **dhá** chúis a raibh bean Sheáin míshásta le Seán i dtús an ghearrscéil.

(ii) Cén toradh a bhí ar an suirbhé, de réir an eolais ar an bpáipéar?

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi bhean an tsuirbhé.

(iv) Cén plean a bhí ag bean Sheáin dá leanbh féin agus í ag déanamh ionadaíochta do bhean an tsuirbhé?

(v) Ar thaitin Seán leat sa ghearrscéal seo?
Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.

(25 marc)

**(b)** Freagair na ceisteanna thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**

(i) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin eachtra a tharla i nGleann na Smól.

(ii) Cén fáth ar tháinig Niamh Chinn Óir go hÉirinn?

(iii) Cén fáth a raibh brón ar Oisín agus é ag imeacht le Niamh Chinn Óir go Tír na nÓg?

(iv) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin saol a bhí ag Oisín agus ag Niamh Chinn Óir i dTír na nÓg.

(v) Tabhair **dhá** rud a thaispeáin go raibh Naomh Pádraig cineálta le hOisín i ndeireadh a shaoil.

(25 marc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* **nó** faoin dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis**

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn sa charráiste traenach ón uair a théann an fear dall, Paul, ar bord na traenach go dtí deireadh an scannáin.

(25 marc)

**nó**

**An Lasair Choille**

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn ón uair a thagann Míoda isteach i dteach Mhicil go dtí deireadh an dráma.

(25 marc)

| 2B | PRÓS ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghearrscéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**nó**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

## Ceist 3 Filíocht – Ainmnithe nó Roghnach 50 marc

Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

**3A FILÍOCHT AINMNITHE 50 marc**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Colscaradh**

(i) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin sórt saoil phósta a theastaíonn ón bhfear i véarsa a haon den dán.

(8 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** rud a theastaíonn ón mbean ina saol pósta i véarsa a dó.

(8 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(9 marc)

### Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

**(b) An Spailpín Fánach**

(i) (a) Cad a dhéanann an spailpín 'go moch ar maidin' i véarsa a haon?
(b) Cad a dhéanfaidh an spailpín nuair a éireoidh sé as obair an spailpín i véarsa a haon?
(c) Céard a dhéanadh an spailpín i gCarraig na Siúire i véarsa a dó?
(d) Cad a deir na daoine i nDurlas nuair a fheiceann siad an spailpín i véarsa a dó?

(8 marc)

(ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoi mhargadh na saoire i véarsa a trí.

(8 marc)

(iii) Cén saghas duine é an spailpín, dar leat?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

## An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
siúd siúl ar an spailpín fánach.

**(c) Géibheann**

(i) Scríobh síos, **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin gcineál saoil a bhí ag an ainmhí sna línte 1-8 den dán.

(8 marc)

(ii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 9-17 den dán.

(8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

## Géibheann

**1.** Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

**9.** ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

| 3B | FILÍOCHT ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Roghnaigh íomhá (pictiúr) **amháin** a úsáideann an file sa dán seo.
Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin.

(7 marc)

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Luaigh an íomhá (an pictiúr) is fearr leat sa dán.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Íomhánna**
An íomhá ar leathanach 5: www.blasket.ie
An íomhá ar leathanach 6: www.harmony1.com

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 2

Dé Máirt 11 Meitheamh
Maidin 9:30 – 11:50